



An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026
(OR. en)

11282/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0174 (NLE)

VETER 107
AGRI 550

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Meitheamh 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 315 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na forálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 315 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 315 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.6.2026
COM(2026) 315 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na forálacha chun an Prótacal a chur chun feidhme maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú

IARSCRÍBHINN

[Dréacht] CINNEADH Uimh. .../2026 Ó CHOMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS OILEÁIN FHARÓ

An xx xx 2026

lena leagtar síos forálacha chun an Prótacal maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1/2001

TÁ AN COMHCHOISTE IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS NA HOILEÁIN FHÁRO,

Ag féachaint don Chomhaontú i bhfoirm malartaithe litreacha idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile,

Ag féachaint don Phrótacal maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile ('an Prótacal') agus go háirithe Airteagal 2 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Comhaontaíonn na Páirtithe gur gá na forálacha maidir le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le cúrsaí tréidliachta lena bhforlíontar an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile Oileáin Fharó, den pháirt eile ('an Prótacal'), a thabhairt cothrom le dáta agus tá an tsaincheist pléite san fhoghrúpa tréidliachta a bunaíodh faoi Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh agus Oileáin Fharó.

(2) Roinnt tagairtí do ghníomhartha dlí an Aontais sna forálacha chun an Prótacal atá i gCinneadh 1/2001 a chur chun feidhme, níl siad ábhartha a thuilleadh, agus tá tagairtí do ghníomhartha dlí ábhartha in easnamh. Ina theannta sin, d'iarr Oileáin Fharó tuilleadh soiléireachta a áirithiú maidir leis na rialacha is infheidhme maidir le gluaiseacht seachtháirgí ó iascaigh agus ó dhobharshaothrú atá beartaithe le haghaidh beathú ainmhithe ó Oileáin Fharó chuig an Aontas agus maidir le gluaiseacht capall a rugadh in Oileáin Fharó chuig an Aontas.

(3) Is mian leis na Páirtithe na sreabha trádála ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch idir an tAontas agus Oileáin Fharó a choinneáil ar bun, go príomha táirgí iascaigh lena gcaitheamh ag an duine, seachtháirgí ainmhithe ó iascach agus do Bharshaothrú, ainmhithe do Bharshaothraithe, moilisc dhébhlaoscacha, capaill agus olann neamhphróiseáilte.

(4) Ba cheart a bheith in ann trádáil den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha céanna is infheidhme maidir le gluaiseachtaí ainmhithe agus táirgí den sórt sin laistigh den Aontas, agus ba cheart, dá bhrí sin, tagairt a dhéanamh don trádáil sin sa Chinneadh seo. Chun na críche sin, agus ós rud é gur glacadh rialacha nua a bhaineann le táirgí íocshláinte tréidliachta san Aontas, le hallmhairí ó thríú tíortha eile agus ó Oileáin Fharó urramófar an

toirmeasc ar ábhair fhrithmhiocróbacha a úsáid chun fás a chur chun cinn agus an táirgeacht a mhéadú chomh maith leis na srianta ar ábhair fhrithmhiocróbacha arna n-ainmniú mar ábhair fhrithmhiocróbacha atá forchoimeáda lena n-úsáid ag an duine san Aontas.

(5) Dá bhrí sin, mhol an foghrúpa tréidliachta go ndéanfaí Cinneadh Uimh. 1/2001 a aisghairm agus a ionadú leis an gCinneadh seo.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Rialacha is infheidhme de chuid an Aontais maidir le gluaiseachtaí ó thríú tíortha nó ó thríú críocha eile isteach in Oileáin Fharó chomh maith le gluaiseachtaí idir Oileáin Fharó agus an tAontas

1. Cuirfidh Oileáin Fharó an méid seo a leanas i bhfeidhm:

(i) na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais, dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1, maidir le teacht isteach ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe san Aontas ó thríú tíortha agus teacht isteach ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe in Oileáin Fharó ó thríú tíortha;

(ii) na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais, dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1, maidir le gluaiseachtaí ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe ó Bhallstát amháin go Ballstát eile agus gluaiseachtaí ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch nó seachtháirgí ainmhithe ón Aontas go hOileáin Fharó; agus

(iii) na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1 maidir leis na hainmhithe, na táirgí de bhunadh ainmhíoch agus na seachtháirgí ainmhithe sin a liostaítear in Iarscríbhinn 2 maidir leis na hainmhithe, na táirgí de bhunadh ainmhíoch nó na seachtháirgí ainmhithe sin.

2. Déanfaidh an tAontas Eorpach na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais, dá dtagraítear in Iarscríbhinn 1, maidir le gluaiseachtaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch agus na seachtháirgí ainmhithe sin a liostaítear in Iarscríbhinn 2 ó Bhallstát amháin go Ballstát eile a chur i bhfeidhm maidir le gluaiseachtaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch agus na seachtháirgí ainmhithe sin idir Oileáin Fharó agus an tAontas Eorpach.

3. Oibreoidh Oileáin Fharó agus an tAontas i gcomhar le chéile chun a áirithiú gur féidir na hainmhithe, na táirgí de bhunadh ainmhíoch agus na seachtháirgí ainmhithe ó Oileáin Fharó a údarú le teacht isteach san Aontas.

Airteagal 2

Seiceálacha a mhaoiniú

Geallann Oileáin Fharó seiceálacha a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch a thioctaidh isteach in Oileáin Fharó ó thríú tíortha i gcomhréir le forálacha Airteagail 79, 80, 83(2), 84 agus 85 de Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann le táillí.

Airteagal 3

Cúnamh frithpháirteach

Geallann Oileáin Fharó na forálacha a leagtar síos in Airteagal 8 agus in Airteagail 102 go 108 de Rialachán (AE) 2017/625 a chur i bhfeidhm.

Airteagal 4

Córais faisnéise

1. Úsáidfidh Oileáin Fharó an córas TRACES (an Córas um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe) dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (AE) 2017/625 chun fógra a thabhairt do na Ballstáit faoi ghluaiseachtaí agus trádáil ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe, i gcás ina gceanglaítear sin faoi fhorálacha an Aontais.

2. Úsáidfidh Oileáin Fharó uirlis fógartha agus tuairiscithe an Aontais ADIS (Córas Faisnéise Galar Ainmhithe) dá dtagraítear in Airteagail 4, 19, 20, 21, 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2016/429.

Airteagal 5

Cinneadh 1/2001 a aisghairm

Aisghairtear leis seo Cinneadh Uimh. 1/2001.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

IARSCRÍBHINN 1

Rialacha is infheidhme maidir le hainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 1

Tá na gníomhartha dlí a liostaítear thíos le tuiscint mar thagairtí atá á gcur chun feidhme, á bhforlíonadh nó á leasú.

An gníomh dlí	Saincheisteanna a bhfuil aird ar leith á tabhairt orthu
<p>Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia¹</p>	
<p>Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Déanfaidh Oileáin Fharó na liostaí oibreoirí a tharraingt suas de bhun Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2017/625 san ardán TRACES [dá dtagraítear in Airteagal 4]. 2. Na rialacha maidir le rialuithe sna Ballstáit dá bhforáiltear in Airteagail 116 go 119 de Rialachán (AE) 2017/625, beidh feidhm <i>mutatis mutandis</i> acu maidir le hOileáin Fharó. 3. Áiritheoidh Oileáin Fharó go gcomhlíonfaidh saoráidí a bpost rialaithe teorann na ceanglais shonracha a leagtar síos in Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2017/625.

¹ [IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.](#)

Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ²	
Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais le haghaidh bia de bhunadh ainmhíoch ³	Úsáidfidh Oileáin Fharó ‘FO’ mar an marc aitheantais dá bhforáiltear i Roinn I d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.
Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia ⁴	
Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 maidir le ceanglais a leagan síos i ndáil le sláinteachas beatha ainmhithe ⁵	
Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (‘Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe’) ⁶	<p>Beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú agus a tharraingt siar agus cláir dhíothaithe éigeantacha agus roghnacha a fhorghnacha agus a tharraingt siar:</p> <ul style="list-style-type: none"> - iarraidh ina bhfuil gach réasúnú iomchuí curtha faoi bhráid an fhoghrúpa tréidliachta ag Oileáin Fharó, - formheas ón bhfoghrúpa tréidliachta, - nuashonrú ón gCoimisiún tar éis fógra a thabhairt do na Ballstáit laistigh den Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha. <p>Déanfar scrúdú ar iarraidh fhéideartha ó Oileáin Fharó maidir lena stádas ar bhonn na gcritéar céanna leis na critéir le haghaidh iarrataí comhchosúla ó na Ballstáit.</p>

² [IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.](#)

³ [IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.](#)

⁴ [IO L 139, 30.4.2004, lch. 1.](#)

⁵ [IO L 35, 8.2.2005, lch. 1.](#)

⁶ [IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.](#)

<p>Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE⁷</p>	<p>Airteagal 107 (míreanna 1 go 5) agus Airteagal 118 amháin, lena n-áirítear na gníomhartha dlí arna nglacadh ar bhonn na bhforálacha sin</p> <p>Déanfar Airteagal 107 (5) a léirmhíniú go gciallaíonn sé nach n-úsáidfear in ainmhithe táirgí íocshláinte ina bhfuil na hábhair fhrithmhiocróbacha nó grúpaí ábhar frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún⁸.</p>
<p>Rialachán (AE) 2019/4 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le beatha íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Treoir (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/167/CEE ón gComhairle⁹</p>	<p>Airteagal 17(3) amháin</p>
<p>Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002¹⁰</p>	
<p>Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE¹¹</p>	
<p>Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón</p>	

⁷ [IO L 4, 7.1.2019, lch. 43](#)
⁸ [IO L 191, 20.7.2022, lch. 58](#)
⁹ [IO L 4, 7.1.2019, lch. 1](#)
¹⁰ [IO L 300, 14.11.2009, lch. 1](#)
¹¹ [IO L 125, 23.5.1996, lch. 3.](#)

<p>gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 79/373/CEE ón gComhairle, Treoir 80/511/CEE ón gCoimisiún, Treoracha 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/217/CE ón gCoimisiún¹²</p>	
<p>Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe¹³</p>	
<p>Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú¹⁴</p>	
<p>Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe¹⁵</p>	
<p>Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail chun teorainneacha na n-iarmhar a bhunú do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de i mbia-ábhair de thionscnamh ainmhíoch, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90 ón gComhairle agus lena leasaítear Treoir 2001/82/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁶</p>	

¹² [IO L 229, 1.9.2009, lch. 1.](#)
¹³ [IO L 140, 30.5.2002, lch. 10.](#)
¹⁴ [IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.](#)
¹⁵ [IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.](#)
¹⁶ [IO L 152, 16.6.2009, lch. 11](#)

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ¹⁷	
Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia ¹⁸	

¹⁷ [IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.](#)

¹⁸ [IO L 37, 13.2.1993, lch. 1.](#)

IARSCRÍBHINN 2

Liosta ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe

Táirgí iascaigh eile lena gcaitheamh ag an duine

Moilisc dhébhlaoscacha bheo, eicínideirmigh bheo, túnicigh bheo, gastrapóid mhuirí bheo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin lena gcaitheamh ag an duine

Ainmhithe dobharshaothraithe

Seachtháirgí ó iascaigh agus ó dhobharshaothrú

Capaill chláráithe

Olann neamhphróiseáilte ó chaoirigh